Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10688 – AXA / ATALANTE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 172/04)

1. An 20 avril 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— AXA SA ('AXA', an Fhrainc), trína fhochuideachtaí AXA France IARD SA ('AXA France IARD', an Fhrainc) agus AXA IM SA ('AXA IM', an Fhrainc), agus

— Atalante SAS ('Atalante', an Fhrainc).

Tá sé beartaithe ag AXA, trína fhochuideachtaí AXA France IARD agus AXA IM, rialú ar Atalante a fháil ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3,mír 1, pointe (b), den Rialachán maidir le Cumaisc. Is trí cheannach scaireanna a dhéanfar an comhchruinniú.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá AXA ina ghrúpa árachais domhanda atá gníomhach san árachas saoil, san árachas sláinte agus i gcineálacha eile árachais chomh maith le bainistiú sócmhainní.

— Is i mbainistiú punann, idir phunanna aonair agus phunanna comhchoiteanna, agus ionstraimí airgeadais, thar ceann tríú páirtithe, den chuid is mó, atá Atalante gníomhach.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10688 – AXA / ATALANTE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.